



School Gardening
Resources

PRIMARY LEVEL

BORD BIA
IRISH FOOD BOARD

Úllord agus sútha talún a phlandáil





Am na Bliana		Úllord - Deireadh Fómhair go Feabhra, Sútha talún - Meán Fómhair.
Aidhm		Chun úllord torthaí a phlandáil.
Acmhainní a theastaíonn		Crainn torthaí, plandaí sútha talún nó reathairí, múirín saor ó mhóin, plaisteach dubh/cairtchlár, sluaistí, liáin, rámhainní, forcanna, lámhainní, móta coirt móra/tuí coirt, miondeimheas, bataí plúr/bambú, stacaí/ceangail.
Ábharthacht Thras-Churaclaim		OSIE: Dúile beo, feasacht agus cúram comhshaoil Teangacha: Focail nua, litriú, litearthacht Ealaín: Mé féin & an domhan mór, ag forbairt saoránachta Curacclam Neamhfhoirmiúil: Clár na Scoileanna Glasa, Discover Primary Science

1 Úllord a phlandáil

- ★ Déan cinneadh cá bhfuil an úllord le plandáil agus crainn torthaí a fhoinsíú.
- ★ Spotaí a mharcáil thart ar 2 - 6m óna chéile (ag brath ar an airde a fhásfaidh na crainn sa deireadh) ag baint úsáide as na bataí plúr nó bambú.
- ★ *Tochail poill thart ar 200mm níos doimhne agus níos leithne ná daba fréamhacha an chrainn.
- ★ Cuir lián atá lán de mhúirín nó aoileach leis agus measc le hithir.
- ★ Bain crann go cúramach ón bpota agus cuir i bpoll é, déan cinnte go bhfuil sé ag an leibhéal céanna mar a bhí sé sa phota i.e. nach bhfuil sé curtha níos doimhne.
- ★ Líon ithir ar ais thart ar fréamhacha agus brúigh síos leis na cosa.
- ★ Mótaigh na crainn ina n-aonar le 1m2 de phlaisteach dubh nó cairtchlár.
- ★ Brúigh síos an plaisteach/cairtchlár le móta coirt/scotháin fhéir/tuí.

2 Cineálacha crann torthaí

Pipín Gréiseach Úlla Milseoige, Síológ Reid, Péitseoga Melba, Portán Mhic Aodhagáin, Pipín Chiarraí, Crofton Donn, Ascaid Buí, Ross Nonpareil, cána siúcra an Chabháin.

Úlla Cócaireachta Mháthair teaghlaigh, caonach bán, sútha talún an Chabháin (iad uile ar fáil ó Chumann Lucht Sábhála Shíolta na hÉireann).

Crainn torthaí eile Piorra, Pluma, Silíní, Úll Fiáin, Meispeal, Cainche.

Má tá tú go leor spáis agat Gallchnó, Castán.

Nóta: Ní féidir crainn fréamhaithe a phlandáil ach i mí na Samhna go dtí deireadh mhí Feabhra. Is féidir crainn photaithe a phlandáil i gcaitheamh na bliana.



3 Sútha talún a phlandáil

- ★ Is féidir plandaí sútha talún a cheannach ó ionad garraíodóireachta.
- ★ Is féidir iad a phlandáil díreach sa talamh (timpeall crainn torthaí mar shampla), i gceapóg ardaithe nó i bpoatáí.
- ★ Féach an bhilleog ‘Plandaí a Bhogadh ón Seomra Ranga go Ceapóga Lasmuigh’ chun sonraí a fháil maidir le plandáil.
- ★ Bain triail as túr sútha talún – carnán de 3 phota le sútha talún curtha ar fud imeall gach pota.
- ★ Is féidir sútha talún alpach nó fiáin a fhás freisin - tá siad níos lú agus déanann siad barr maith a chlúdaíonn talamh.
- ★ Má tá sútha talún agat cheana féin, is féidir leat níos mó plandaí a iompar ó na reathairí (na teannóga fada a chuir an planda amach i mí Mheán Fómhair, tar éis torthaí).
- ★ Cuir ithir/múirín i bpoatáí beaga agus uisce.

- ★ Cuir níos mó múirín leis más gá.
- ★ Úsáid stápla nó cloch mhór de chruth U chun barr an reathaire a choinneáil ar bharr na hithreach.
- ★ Seolfaidh an reathaire fréamhacha isteach san ithir ansin.
- ★ Nuair a bheidh sé bunaithe, déan planda nua a ghearradh as an bplanda tuismidh.

Sláinte agus Sábháilteacht

- ★ Úsáid uirlisí go sábháilte i gcónaí.
- ★ Nigh do lámha tar éis seisiún garraíodóireachta.
- ★ Féach an bhilleog oibre ar Shláinte & Sábháilteacht chun faisnéis mhionsonraithe a fháil.





4 Smaointe do thionscadail taighde

SESE - fíricí úll taighde - cé mhéad cineálacha atá ann? Cén fáth a snámhann siad in uisce? Cén chaoi a bhfuil sútha talún go maith dúinn?

Oidhreacht Áitiúil - cathain a fuarthas an t-úll is sine in Éirinn? Cá fhad a bhí úlla á n-ithe againn? An bhfuil éagsúlacht áitiúil i do cheantar?

Ealaín/Cumarsáid - déan taispeántas do bhord fógra an ghairdín nó na scoileanna glasa **de limistéar an úllóird agus na dtorthaí.**

Focail Taighde: FRÉAMHLOMA



Chun tuilleadh eolais a fháil

An tIdirlíon/an leabharlann

Cumann Sábhála Síolta Éireann - www.issa.ie

Catalóg Úll agus Piorraí

★ Cumann Sábhála Síolta Éireann

★ Lámhleabhar iontach maith ar chrainn torthaí a chur